An Buachaillín Sinséir

Bhí fear agus bean ann fadó. Ní raibh aon bháibín acu.

"Tá brón orm", arsa an fear.

"Tá brón orm", arsa an bhean.

Bhí an bhean sa chistin.

"Ba mhaith liom Buachaillín Sinséir a dhéanamh" ar sise.

Fuair an bhean plúr.
Fuair sí im agus siúcra.
Fuair sí sinséar agus bainne.

Fuair sí babhla agus spúnóg agus cupán.

Chuir sí plúr sa bhabhla.
Chuir sí siúcra agus im sa bhabhla.
Chuir sí siúcra agus bainne sa bhabhla.
Thomhais sí agus mheasc sí.

Rinne sí buachaillín sinséir.

Rinne sí cloigeann.

Rinne sí corp.

Rinne sí dhá lámh agus dhá chos.

Chuir sí dhá rísín mar shúile.
Chuir sí cuirín amháin mar shrón.
Chuir sí craiceann oráiste mar bhéal.
Chuir sí trí shilín mar chnaipí.

Ansin chuir sí an Buachaillín Sinséir san oigheann lena bhácáil.

"Mmmmm, tá ocras an domhain orm" arsa an bhean.

"An bhfuil sé réidh go fóill?" arsa an fear.

"Ní go fóill", arsa an bhean.

Ach, d'oscail an fear an doras mar bhí ocras air.

Amach leis an mBuachaillín Sinséir!

Rith sé amach an doras.

Rith sé agus rith sé.

“Stop!” arsa an fear.
“Stop!” arsa an bhean.

Ach lean an Buachaillín Sinséir ar aghaidh ag rith.

Agus é ag rith, scread sé.

"Rith, rith ní mé atá le hithe!

Is mise an Buachaillín Sinséir.

Tá mé iontach maith ag rith!"

Rith an fear.

Rith an bhean.

Rith an Buachaillín Sinséir.

Ar an mbealach bhuail siad le capall.

“Stop!” arsa an capall.

“Stop!” arsa an fear.

“Stop!” arsa an bhean.

Ach lean an Buachaillín Sinséir ar aghaidh ag rith.

Agus é ag rith, scread sé.

"Rith, rith ní mé atá le hithe!

Is mise an Buachaillín Sinséir.

Tá mé iontach maith ag rith!"

Rith an fear.

Rith an bhean.

Rith an Buachaillín Sinséir.

Rith an capall.

Ar an mbealach bhuail siad le bó.

“Stop!” arsa an bhó.

“Stop!” arsa an capall.

“Stop!” arsa an fear.

“Stop!” arsa an bhean.

Ach lean an Buachaillín Sinséir ar aghaidh ag rith.

Agus é ag rith, scread sé.

"Rith, rith ní mé atá le hithe!

Is mise an Buachaillín Sinséir.

Tá mé iontach maith ag rith!"

Tháinig sé go dtí an abhainn.

"Áááááá! Tá mé fliuch" ,
arsa an Buachaillín Sinséir.

Chonaic sé madra rua.

"Suigh suas ar mo dhroim",
arsa an madra rua.

“Go raibh maith agat” **,**
arsa an Buachaillín Sinséir.

Agus suas leis ar a dhroim!

“Áááááá! Tá mé fós fliuch”

, arsa an Buachaillín Sinséir.

“Suigh ar mo cheann”,

arsa an madra rua.

Shuigh sé ar a cheann.

"Áááááá! Tá mé fós fliuch",
arsa an Buachaillín Sinséir.

"Suigh ar mo shrón" ,
arsa an madra rua.

Shuigh sé ar a shrón.

“Áááááá! Tá eagla orm”, arsa an Buachaillín Sinséir.

SCIOB!

SCEAB!

D'alp an madra rua an Buachaillín Sinséir siar in aon ghreim amháin.

Faraor, bhí deireadh leis an mBuachaillín Sinséir.

An deireadh